

*“....chun an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus a spreagadh ag an mbunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal ar fud fad na hÉireann.”*

## Nuachtlitir an Earraigh 2012

### Nuacht na hEarnála

#### Cosain COGG



Cabhraigh linn sa bhfeachtas chun COGG a chosaint! Níl COGG, ná a cuid réimsí oibre riachtanacha do na scoileanna lán-Ghaeilge saor ó

bhaineann le hoideachas Gaeltachta agus teagasc trí Ghaeilge i measc eile.

Scaip GAELSCOILEANNA TEO. bileog eolais ar na scoileanna agus bheimis an-bhuíoch díot ach an bhileog seo a scaipeadh ar thuismitheoirí agus ar bhaill na scoile agus iarraidimid ort gach deis a thapú le do chuid inní agus mí-shástachta a lua le polaiteoirí, Teachtaí Dála, oifigigh na ROS, agus eile. Bheadh sé ina chabhair ollmhór dá gcuirfeá litir ghearáin chuig an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn ag seoladh na Roinne, Sráid Mhaoilbhríde, B.Á.C. 1 nó ríomhphost chuig [minister@education.gov.ie](mailto:minister@education.gov.ie) ag baint leasa as na hargóintí sa bhileog eolais.

bhagairt mharfach de réir eolais nua atá tagtha chun solais. Tá moladh ann COGG a scor nó a shúigh isteach sa ROS. De thoradh an chinnidh seo, ní bheadh téacsleabhair i nGaeilge ar fáil (seachas cinn an Ghúim), nótaí agus ábhair thacaíochta eile do mhúinteoirí agus do dhaltaí; leaganacha Gaeilge de thriail-scrúduithe na hArdteiste agus an Teastais Shóisearaigh; dianchúrsaí Gaeilge do mhúinteoirí, ná taighde ar ábhair a

### Ciorraithe i Scoileanna lán-Ghaeilge

**Beidh impleachtaí an-mhóra ann do na scoileanna lán-Ghaeilge ag eascairt as cáinainéis 2011, go háirithe do scoileanna beaga i dtaobh athruithe sa chóimheas múinteoirí le daltaí. De réir an sceidil ceapacháin nua atá eisithe, beidh impleachtaí díreacha ann do tuairim is 19 gael scoileanna a bhfuil níos lú ná 86 dalta acu.**

De bharr brú ó scoileanna, eagrais thacaíochta agus na gceardchumainn, tá iallach ag teacht ar an Aire athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh maidir le hathruithe sa chóimheas do scoileanna DEIS. Léiríonn sé seo, ní hamháin gur glacadh cinntí gearr-radharca, ach go mbíonn tionchar ag feachtais náisiúnta.

Féach Ich. 13 le haghaidh eolais ar fheachtas Gaelscoil Mholshíológ i nGuaire.

Ag an iar-bhunleibhéal, beidh an múinteoir gairmthreorach le tógáil as an leithdháileadh caighdeánach agus caillfear saineolas riachtanach do dhaltaí mura bhfuil an saineolas laistigh den leithdháileadh reatha. Is cailliúint an-mhór a bheidh anseo d'eispéreas na ndaltaí agus do sheirbhís tacaíochta agus threorach atá riachtanach.

Tá inní GAELSCOILEANNA TEO. faoi na himpleachtaí seo do na scoileanna lán-Ghaeilge curtha in iúl don Aire, d'Ardoifigigh na Roinne agus do pholaiteoirí.

# Nuacht na hEagraíochta

## Bileoga eolais nua ar an Luath-thumoideachas

Tá bileog nua ar na buntáistí a bhaineann leis an gcóras luath-thumoideachais forbartha agus seolta chuig na scoileanna lán-Ghaeilge. Moltar do scoileanna ar mian leo an córas luath-thumoideachais a chur i bhfeidhm an bhileog seo a scaipeadh ar bhaill an bhoird agus ar Chathaoirleach Coiste na dTuismitheoirí mar bhuneolas dóibh. Féadfáir níos mó cóipeanna a lorg ón oifig nó iad a íoslódáil ón ár suíomh [www.gaelSCOILEANNA.ie](http://www.gaelSCOILEANNA.ie).



## Uachtarán nua ag GAELSCOILEANNA TEO.

Tá Uachtarán nua ag GAELSCOILEANNA TEO. Toghadh Máirín Ní Chéileachair, Príomhoide ar Ghaelscoil Uí Fhiaich ag CCB 2011 i Mí na Samhna seo caite.

Mar Oifigeach leis an eagras ar feadh roinnt blianta, ghníomhaigh Máirín ar son na heagraíochta go díograiseach agus go cumasach agus tagann sí chuig an ról seo lán le smaointí forbartha agus fíis úr don eagras. Tá Máirín i mbun dochtúireachta ar chúrsaí cúraim sna bunscoileanna faoi láthair. Guímid gach rath uirthi ina ról nua mar Uachtarán.

Gabhaimid buíochas mór ó chroí le Mícheál Ó Broin a chaith 6 bliana sa ról mar Uachtarán. Táimid fíor-bhuíoch do Mícheál as an spéis agus an dúthracht a léirigh sé riamh sa ról seo.



# Nuacht na hEagraíochta

## Torthaí an tSuirbhé maidir le Comhdháil 2012

Míle buíochas do gach éinne a thug aiseolas dúinn i leith Comhdháil 2011 agus a chomhlánaigh an suirbhé maidir le comhdháil na bliana seo chugainn. Seo thíos achoimre ar thorthaí an tsuirbhé:

- Maidir le suíomh na comhdhála, roghnaigh 65% de fhreagróirí an tsuirbhé Cathair na Gaillimhe thar Cathair na Mart.
- Mhol an tromlach de na freagróirí go mbeadh an cruinniú chinn bhliana ar thráthnóna Aoine seachas maidin Shathairn.
- Dúirt 88% de na scoileanna a d'fhreagair go mbeadh líon níos mó ball den scoil ag freastal ar an gcomhdháil ná mar a d'fhreastail i 2011 dá mbeadh ionadaíocht ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Tacaíonn seo go láidir le hiarratas GAELSCOILEANNA TEO. leis an ionadaíocht seo a lorg agus leanfar leis an stocaireacht ar an Roinn ina leith.
- Dóibh siúd nach ndéanann rúin agus ainmniúchán don bhoird stiúrtha thar ceann na scoileanna, luadh easpa ama agus eolais ar an gcóras mar na príomhchúiseanna. Déanfar gach iarracht dul i ngleic leis na dúshláin seo i mbliana le rannpháirtíocht níos airde a chinntiú i ngno na heagraíochta.



Cé go bhfuil an dáta deiridh don suirbhé istigh, tá fáilte i gcónaí roimh mholtaí i leith na comhdhála. Is féidir teagmháil a dhéanamh linn ar 01 8535195 nó oifig@gaelscoileanna.ie.

*Griangraif: An tAire Oiliúna & Scileanna, Ciarán Cannon, TD, le daltaí ó Ghaelscoil an Eiscir Riada & Gaeilscoil Éadan Doire ag Comhdháil 2011.*

## GAELSCOILEANNA TEO. ar líne

Le bliain anuas tá an-chuid forbairtí déanta ar [www.gaelscoileanna.ie](http://www.gaelscoileanna.ie) d'fhonn go mbeadh sé mar áis den scoth do phobal na gaeilscoileanna. Tá gach eolas ann maidir le seirbhísí na heagraíochta, chomh maith le heolaire agus léarscáil do na scoileanna lán-Ghaeilge, agus ba mhór againn moltaí maidir le conas gur féidir tuilleadh feabhais a chur air. Seo thíos roinnt den ábhar atá ar fáil ann faoi láthair. Bí cinnte agus cuairt a thabhairt air le heolas a lorg maidir le gach gné d'ár gcuid oibre.

- Seirbhís nuachta: preasráitis, gailearaí, nuacht ó na meáin agus nuacht ó na scoileanna
- Oiliúint: ábhar ó cheardlanna agus comhdhálacha, bailiúcháin taighde, eolas maidir le deiseanna oiliúna

- Acmhainní: ábhar poiblíochta, polasaithe samplacha, foilseacháin, staitisticí agus conarthaí foirne samplacha
- Scéimeanna: eolas maidir leis an scéim deontais d'imeachtaí idirscoile, Scléip
- Feachtais maidir le tumoideachais, an cóimheas daltaí le múinteoirí agus cáináisneis 2011.

Tá fáilte i gcónaí roimh scéalta ó na scoileanna le go bhfoilseofar mar bhlúiríní nuachta ar an suíomh iad, agus b'fhiú go mór clárú linn le nuacht an lae a fháil ar ríomhphost gach tráthnóna. Ní gá ach ríomhphost a sheoladh go [oifig@gaelscoileanna.ie](mailto:oifig@gaelscoileanna.ie).



# Scoileanna Nua

## Bunscoileanna Nua



Beidh **Gaelscoil an Chuilinn**, scoil lán-Ghaeilge nua ag oscailt i **Meán Fómhair 2012** i **mBaile Átha Cliath 15**.

Ba mhaith le **GAELSCOILEANNA**

TEO. comhghairdeas a dhéanamh le coiste bunaithe na scoile, a d'oibrigh go dian díograiseach le gaelscolaíocht a chinntiú dá bpáistí.

An Foras Pátrúnachta a bheidh mar phátrún ar an scoil. Tá an scoil ag glacadh le foirm chlárúcháin anois do mhí an Mheán Fómhair 2012 agus is féidir teagmháil a dhéanamh le hAlison ar 086 3236187 nó [gaelscoilanchuilinn@gmail.com](mailto:gaelscoilanchuilinn@gmail.com).

Tá sé fógartha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna go mbeidh scoileanna nua le hoscailt i 2012 agus 2013 i gceantair éagsúla timpeall na tíre. Níl sainmheon ná pátrúnacht na scoileanna seo cinntithe go fóill, ach tá

iarratais déanta ag an bhForas Pátrúnachta ar ghaelscoileanna nua a bhunú sna ceantair seo a leanas:

- Baile an tSaoir (2012),
- An Chéim (2012 & 2013),
- Iarthar na Cathrach/Baile an Fhoirtcheirn, Tamhlacht (2012),
- Tamhlacht Thiar (2013),
- Baile an Chairpintéirigh (2013),
- Teach na Giúise/An tSeanbhábhún (2013),
- Baile Chill Dara (2012),
- Baile an Róiste/Dúglas (2013)
- Cnoc na Cathrach (2013).

Fógrófar cinneadh na Roinne maidir leis na scoileanna nua seo go luath agus beimis ag súil leis go mbeidh gaelscoileanna ina measc! Cláraigh don nuacht ar [www.gaelscoileanna.ie](http://www.gaelscoileanna.ie) le cinntiú go dtiocfaidh an scéal is déanaí chugat ar ríomhphost.

Beidh an scoil ag glacadh le daltaí sna Naíonáin Sóisir agus Sinsir don scoilbhliain 2012/2013.

## Iar-bhunscoileanna Nua

Tá an dáta deiridh d'iarratais ar phátrúnacht na n-iarbhuscoileanna nua atá le hoscailt i 2013 agus 2014 curtha siar go dtí 24 Feabhra 2012 d'fhonn deis a thabhairt do na pátrúin deiseanna comhphátrúnachta a phlé. Tá 3 scoil dóibh aitheanta cheana féin ag an Roinn mar gaelcholáistí (Dún Droma, Baile Brigín agus Carraig Uí Leighin) agus tá iarratais ar phátrúnacht na scoileanna sin á ndéanamh ag an bhForas Pátrúnachta, Coiste Gairmoideachais Contae Átha Cliath agus Coiste Gairmoideachais Contae Chorcaí. Déanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna an cinneadh deiridh maidir leis na hiarratais.

Tá scoil nua le freastal ar suas go 1000 dalta le bunú i Maigh Nuad i 2014. Níor aithin an Roinn an scoil mar gaelcholáiste, ainneoin an

éilimh ollmhór don ghaelscolaíocht sa cheantar. Tá an Foras Pátrúnachta, i gcomhar leis an gcoiste bunaithe atá ag feidhmiú sa cheantar le fada, chun iarratas a dhéanamh ar ghaelcholáiste don cheantar ainneoin cinneadh na Roinne gur scoil trí mheán an Bhéarla a bheidh ann. Ba mhór leo cur leis an tacaíocht atá faighte acu ó phobal an cheantair agus is féidir tuilleadh eolais a fháil maidir leis an bheachtas ar [www.foras.ie](http://www.foras.ie).

Tá Coiste Gairmoideachais Co. Lú ag brú ar aghaidh lena phleananna le hAonad a oscailt i nDún Dealgan i 2012 agus le hiarratas ar Ghaelcholáiste neamhspleách a dhéanamh. Níl suíomh an Aonaid deimhnithe go fóill acu tá súil ag an gCoiste Gairmoideachais go mbeidh siad in ann sonraí a chur ar fáil maidir leis go luath.



# Forbairt Ghairmiúil Scoileanna

## Seimineáir ar an Straitéis Litearthachta & Uimhearthachta

Reáchtálfaidh Gaelscoileanna Teo. seimineár ar fhorbairt na matamaitice sa chóras tumoideachais ar an 28 Márta in Institiúid Oideachais Marino. Tá an seimineár seo le bheith mar sheimineár leanúna ar an gceann deireanach a reáchtáladh i mí Dheireadh Fómhair ar an litearthacht sa chóras tumoideachais.



Tá an clár á fhorbairt faoi láthair ach tá súil againn ionadaí ón PDST a bheith inár láthair le labhairt faoi fhorbairt na matamaitice i gcomhthéacs na straitéisí litearthachta agus uimhearthachta agus déanfar seisiún ar na rialacha caighdeánaithe atá ar fáil don mhatamaitic trí Ghaeilge do ranganna 2 agus 5 a chur ar fáil chomh maith.

Reáchtáilfear a chomhchosúil de sheimineár i gCorcaigh agus cuirfear na scoileanna ar an eolas nuair a bheidh na sonraí cinntithe.

Tá seimineár á fhorbairt againn don iarbhunleibhéal chomh maith a bheidh dírithe ar an straitéis litearthachta agus uimhearthachta chomh maith agus beidh na sonraí ina leith ar fáil go luath.

Beidh eolas i leith na seimineáir seo á scaipeadh ar na scoileanna agus fáilteofar roimh chách.

Anuas ar an raon leathan áiseanna atá ar fáil ó FNT faoi láthair, beidh dhá fhoilseachán nua ar fáil san Earrach:




**Forbairt Naíonraí Teoranta**  
Halla Naomh Pádraig  
Institiúid Oideachais Marino  
Ascaill Uí Ghriofa  
Baile Átha Cliath 9  
Guthán: 01 853 5101  
Riomhphost: [eolas@naionrai.ie](mailto:eolas@naionrai.ie)  
[www.naionrai.ie](http://www.naionrai.ie)

## Forbairt Naíonraí Teoranta

### BRÓGA NUA ENJOYING IRISH WITH YOUNG CHILDREN

Cnuasach rannnta agus amhráin Ghaeilge atá i **mBróga Nua**, agus é bunaithe ar an bhfoilseachán **How to Enjoy Irish in your Playgroup**. Tá **Bróga Nua** dírithe ar dhaoine a oibríonn le páistí trí mheán an Bhéarla agus do pháistí atá ag tosú sa chóras tumoideachais. Leabhar agus dhá CD atá ann.



### BIONGÓ NA SÉASÚR

Tá an cluiche biongó seo bunaithe ar na séasúir agus baintear úsáid as na hiomhánna atá le feiceáil cheana sa tsraith póstaer **Na Séasúir** atá ar fáil ó FNT. Beidh an tsraith póstaer ar fáil mar chuid den chluiche as seo amach.



# Scéalta na mBunscoileanna

## Cóiríocht nua do Ghaelscoil Uí Ríordáin



*Pádraig Ó Ceallaigh leis na daltaí*

Bunaíodh Gaelscoil Uí Ríordáin sa bhliain 1983 ar shuíomh sealadach le 20 dalta sna naíonáin. Tháinig borradh tapaigh ar líon na ndaltaí. Tar éis tamaill, chuir úinéir an tsuímh seomraí breise leis an bhfoirgneamh féin, chomh maith le roinnt seomraí

réamhdhéanta. Tá spás anois ann do sheacht seomra ranga déag agus do halla beag.

Tar éis feitheamh na mblianta, tá dea-scéal faighte againn maidir le scoil nua. Cheannaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna trí acra i Nollaig 2010 agus é mar sprioc go mbeadh an scoil nua ullamh faoi Mheán Fómhair 2012. Tá an obair thógála faoi lán tseoil anois agus faobhar ar a n-uirlisí ag na hoibrithe. Is foirgneamh trí úrlár atá beartaithe agus beadh 24 seomra le gach saoráid agus áis mar chuid den bplean. Beidh spás do thart ar seacht gcéad páiste sa láthair nua.

Faoi láthair, téann 90% de na scoláirí ar aghaidh go Gaelcholáiste Choilm ar an mbaile. Is é an chéad dúshlán eile ná go bhfaigheadh an uile pháiste sa cheantar máguaird oideachas dara leibhéal trí mheán na Gaeilge más é atá uathu.

## Scoil Aonghusa: Cuidíonn Scrooge le Vincent!

Ar an 15ú Nollaig, d'eagraigh daltaí rang a cúig i Scoil Aonghusa bailiúchán airgid do Chumann Naomh Uinseann de Pól. Chuir na daltaí chumasacha leagan den scéal cáiliúil sin *A Christmas Carol* do chuid Charles Dickens ar stáitse le puipéid. Scríobh an múinteoir ranga leagan Gaeilge den scéal clasaiceach. Dhear na páistí na puipéid ar fad, agus ba iad a ngutha is a gcuid geáitsíochta féin a úsáideadh sa dráma phuipéad freisin. Cuireadh an seó ar siúl san “amharclann” féin-deartha i leabharlann na scoile.

Ní hamháin rang a 5 a shaothraigh airgead ar an lá. Chuir Rang a 6 margadh na Nollag ar siúl, le borróga, cácaí, bréagáin, leabhair agus cártaí Nollag chomh maith. Anuas air sin, chuir rang a dó an dráma “An Chéad Noel” i láthair agus tháinig na tuismitheoirí chuige. Faoi dheireadh

an lae, bhailíomar €977 do SVP. Chuir Michael Grogan, ball de Chumann Naomh Uinseann de Pól áitiúil gach éinne sa scoil ag smaoineamh ar an obair a dhéanann an Cumann nuair a labhair sé ós comhair pobal na scoile seachtain níos luaithe.



# Scéalta na mBunscoileanna

## Gaelscoil Chionn tSáile ag bailiú airgid le haghaidh muintir Haiti

Tá ranganna 1,2 agus 3 ag glacadh páirte i mbailiúchán airgid “Hands up for Haiti” atá eagraithe ag an Haven Project.

Úsáideann na leanaí rian lámha chun airgead a bhailiú sa bhaile; déanann siad jab amháin do gach méar agus bailíonn siad airgead dá réir.

Tháinig cainteoir ón Haven Project chugainn chun labhairt linn faoi Haiti chomh maith. Tá na páistí go léir ar bís le cabhrú le muintir Haiti agus ag tabhairt faoi na jabanna seo le díograis agus le sceitimíní.



## Rí na Leon le Gaelscoil Uí Riada

Léirigh daltaí Ghaelscoil Uí Riada, Wilton, Corcaigh an ceoldráma ‘Rí na Leon’ sa scoil ar an 12ú agus 13ú Nollaig 2011. Bhí gach dalta sa scoil páirteach sa dráma seo ó Naíonáin Bheaga suas go dtí Rang VI agus bhain gach aon duine an-taitneamh go deo as. Le soilse, fuaim, ardán maisithe agus ceol beo, bá léiriú an-phroifisiúnta é. Bhí halla na scoile ag cur thar maoil le tuismitheoirí, cairde agus cuairteoirí agus atmásféar draíochtúil don dá oíche ar léiríodh an dráma.

Ní hé seo an chéad dhráma atá léirithe ag pobal Ghaelscoil Uí Riada. Tá taithí ag na

daltaí sa scoil seo dul ar an ardán go rialta. Roimhe seo tá ‘Draíodóir Oz’ 2005; ‘Oliver’ 2007 agus ‘Seis Cheoil’ / ‘The Sound of Music’ 2010 léirithe ag daltaí na scoile – gach aon léiriú níos fearr ná a chéile.

Tá buíochas agus moladh tuillte ag gach éinne sa scoil – na daltaí a ghlac páirt agus foireann iontach na scoile a d’oibrigh chun an rud ar fad a thabhairt chun críche.

Cuimhneofar ar an léiriú seo go ceann i bhfad – agus ní hamháin toisc é a bheith taifeadtha is ar díol ar DVD!





# Scéalta na mBunscoileanna

## Gradam Eorpach buaite ag Gaelscoil Mhuscraí



Ghlac rang a cúig agus a sé ó Ghaelscoil Mhuscraí, an Bhlárna, Corcaigh, páirt i dtionscadal 'eTwinning' anuraidh. Mar thoradh ar an-obair ar an dtionscadal, 'Une année multicolour,' bhaineadar gradam European Quality Label amach. Dhéan na páistí

cumarsáid le scoileanna sa Fhrainc agus san Alban trí fhís-chomhdháil, ríomhphostanna agus litreacha a sheoladh agus obair a dhéanamh ar a desktop eTwinning. Chuir sé seo ar fad go mór lena scoileanna teicneolaíocht an eolais, tuiscint chultúrtha agus cumas fraincise, ábhar a dheanann na páistí sna hádranganna.

Ní bhfuair ach cúig scoil eile sa tír an gradam seo agus táimid an-bhro dúil as. Tá rang 3 & 4 ag tosnú ar thionscadal nua eTwinning i mbliana. Bronnadh an gradam ar an scoil ag ócáid chéiliúrtha le déanaí. D'fhreastal Kay O' Regan ón gCoiste eTwinning agus an Seanadóir Colm de Búrca ar an mbronnadh.

## Comórtas Mhaisiúcháin na Nollag i gContae Mhaigh Eo

Chríochnaigh 2011 ar nóta deimhneach do pháistí i scoileanna áirithe i gContae Mhaigh Eo a bhuaigh duaiseanna i gComórtas Maisiúcháin Nollag a bhí eagraithe ag an gComhairle Chontae. Bhí dúshlán ag na páistí seo a maisiúchain féin a chruthú as ábhair athrothlaithe. Bhí caighdeán an-ard sa chomórtas ealaíne seo a mheall na céadta iontrálaithe ó scoileanna sa chontae. Bhí sé mar aidhm ag an gComhairle Chontae, páistí agus a dtuistí a chur ag smaoineamh ar na bealaí inar féidir ábhair a athúsáid in ionad iad a chaitheamh amach.

Bhain na páistí úsáid as buidéal plaisteacha, cannaí stáin, sean-dhlúthdhioscaí, boscaí uibheacha agus potaí fogart i measc earraí eile. Bhí Taispeántas Maisiúcháin ar siúl i rith mí na Nollag i bhfoirgneamh an

Chomhairle Chontae. I measc na mbuaiteoirí bhí Sinéad Ní Eosaigh, Rang 1 agus Conchubhair Donaldson Rang 1, Scoil Raifteirí, Caisleán a' Bharraigh, Co. Mhaigh Eo.





# Scéalta na nIar-bhunscoileanna & na nAonad

## Michael D. ar cuairt chuig Coláiste Chilllain

Sna seachtainí roimh an Toghchán Uachtaránachta, eagraíodh feachtas toghchánaíochta i gColáiste Chilllain, Cluain Dolcáin agus rinneadh cur i láthair faoi na hiarthóirí ar fad ag seacht dtionól as a chéile. Crochadh póstaíre de gach iarthóir sa bhialann agus bhreathnaigh na ranganna ar fad ar na díospóireachtaí sna seomraí ranga. Dé Luain, 17 Deireadh Fómhair chuir Rang Fuinseoige, Bliain 3 an Toghchán ar siúl sa scoil. Tar éis do na vótaí a bheith comhartha ag na hOifigh Chomhairimh, (agus an Córas Ionadaíocht Chionmhar nó P.R. in úsáid acu, ar ndóigh), fógraíodh go raibh an bua ag Micheál D. Ó hUiginn.


Cuireadh an dea-nuacht chuig Michael D an tráthnóna sin agus bhí an-áthas air, go háirithe tar éis don scéal a bheith sa nuachtán an lá roimhe go raibh sé ar 25% sa phobalbhreith is

déanaí agus go raibh Seán Gallagher ar 40%. Cúpla lá ina dhiaidh sin, tháinig Michael D. ar cuairt agus bronnadh cóip de thorthaí an Toghcháin air. Thug sé píosa breá cainte os comhair na scoile agus craoladh an scéal ar nuacht RTÉ agus TV3 an oíche sin.



Thug Michael D cuireadh speisialta do dheichniúr dalta as Coláiste Chilllain dul chuig Insealbhú an Uachtaráin i gCaisleán Átha Cliath ar 11 Samhain. Craoladh an tInsealbhú ar RTÉ agus fuaireamar seans bualadh le Michael D. Is lá é nach ndéanfar dearmad air go deo!

## iPad na hIdirbhliana



I mbliana, fuair daltaí na hIdirbhliana i nGaelcholáiste Luimnigh iPad don scoil. Ní bíonn cóipleabhair nó leabhair ag

teastáil uainn inár málaí toisc go bhfuil said go léir ar an iPad. Úsáidimid iad chun nótaí a thógáil agus chun taighde a dhéanamh ar an idirlíon. Tá "campus wi-fi" ar fáil ar fud na scoile. Is iontach an rud é seo mar is féidir linn an t-idirlíon a fháil beagnach gach áit timpeall na scoile agus bíonn sé an-chabhrach. Is féidir linn na iPadanna a thógáil abhaile agus aon rud a dhéanamh leo mar cheannaigh gach duine a gceann féin.

Tá go leor feidhmeanna ar fáil ag baint leis an scoil agus don siamsaíocht freisin. Creidimid go bhfuil na iPadanna an-úsáideach agus ní bhíonn meáchan trom ar dhroim na ndaltaí. Creidimid gur smaoineamh den scoth é na iPadanna a fháil.

## Comórtas BEO

€5,000 le buachan don gig BEO is fearr sa tír! Thosaigh BEO mar scéim idirbhliana sa bhliain 2009. Bunaíodh BEO mar thoradh ar chomhoibriú idir dhaltaí Idirbhliana Choláiste Ailigh, Coláiste Naomh Adhamhnáin, Clochar Loreto agus Coláiste an Eargail. Tá na scoileanna seo suite i Leitir Ceanainn i gCo. Dhún na nGall.

Tá sé mar aidhm ag BEO suim sa cheol a spreagadh i measc an aos óg trí spreagadh a thabhairt dóibh sraith de cheolchoirmeacha a eagrú ina gceantar áitiúla. Spreagtar suim i gceol beo, agus ag an am chéanna cuidíonn sé le daltaí forbairt a dhéanamh ar a gcuid scileanna eagrúcháin agus cumarsáide. Seoladh Comórtas BEO go hoifigiúil sa Regional Cultural Centre ar Déardaoin an 19 Eanáir agus tá na sonraí maidir leis an gcomórtas le fáil ar [www.beoireland.com](http://www.beoireland.com).



## Gailearaí



*Daltaí Ghaelscoil Aodha Rua, Tír Eoghain.*



Suíomh idirlín nua cruthaithe ag Gaelscoil Phort Laoise <http://www.gaelscoilphortlaoise.net>

## Gailearaí



Ar chlé, daltaí Bunscoil an Iúir i mbun taighde dá dtionscadal Titanic mar chomóradh 100 bliain ó chuaigh sí go tóin poill.

Ar dheis, €686 bailithe do UNICEF & €1,081.77 bailithe do Chumann Naomh Uinseann de Pól ag daltaí Phobalscoil Chorca Dhuibhne



Ar chlé, daltaí Ghaelscoil Dhochtúir Uí Shúilleabháin, an Sciobairín ag an damba in Inis Cara ag foghlaim conas a dheintear fuinneamh as uisce agus iad ag díriú ar an dara bhratach ghlas a bhaint amach.

Ar dheis, Eilís Welby ó Foras na Ghaeilge ag bronnadh duaise ar Mhairéad Ní Mhurchú & ar Lucy Nic Sandair ó Choláiste Íde, Daingean Uí Chúis ag an dtaispeántas Eolaí Óg. Sé an togra a bhí acu ná; "An gcuireann súile & lámha ceannasacha isteach ar spórt?"





## Gailearaí ó Chomhdháil Bhliantúil 2011



# Scéalta an Tuaiscirt

## Oscailt an tSrutha i Scoil Iósaeif




Oscailodh Sruth na Gaeilge, Scoil Iósaeif i Meán Fómhair 2010. Is Sruth ilchumais é agus tháinig na céad daltaí chugainn anuaraidh ó Ghaelscoileanna áitiúla éagsúla. I mí Mheán an Fhómhair 2011 tháinig naoi scoláire dhéag eile chugainn isteach sa chéad bhliain. Tá muid ag dúil go mór le tógáil ar an éacht a rinne muid anuaraidh, agus guíonn muid gach rath ar ár scoláirí nua. Tá dhá sheomra ranga againn agus dhá cheann eile le theacht fá dheireadh 2012, ach bogann na scoláirí tríd an scoil iomlán ar mhaithe le réimse iomlán na n-ábhar a fháil.

### Dlúthdhiosca nua á eisiúint ag Gaelscoil Éadain Mhoir

Tá áthas orainn ár ndlúthdhiosca úr d'arbh ainm "Ó Ghlúin go Glúin" a fhógairt. Tá an dlúthdhiosca seo foilsithe ag Dearcán Media agus urraithe ag Foras na Gaeilge. Ní amháin go bhfuil ceoltóirí den chéad scoth ar an dlúthdhiosca seo ach beidh sé ina áis iontach do mhúinteoirí eile agus do cheannairí na ngrúpaí óga sa tír de bhrí go bhfuil dlúthdhiosca gan focail ann fosta. Tá "Cailín Álainn" agus "Buachaill ón Éirne" i measc na n-amhráin coitianta atá ar an dlúthdhiosca seo. "Tá muid iontach bródúil as na páistí atá ag ceol go binn ar an dlúthdhiosca seo. Tá muid iontach buíoch d'Fhoireann na Scoile agus do

Dearcán Media a bhí ina bhun ó thús go deireadh. Tá muid sásta go raibh Foras na Gaeilge in ann maoineadh a thabhairt dúinn chun an dlúthdhiosca seo a chur i gcló". (Mary Nic Ailín)



Is féidir na dlúthdhioscaí seo a a ordú ón scoil (0044-71268020) no is féidir iad a cheannacht ón Cló Ceart ag Chultúrlann Uí Chanáin (0044-71264132)

### Ceiliúradh 20 Bliain Choláiste Feirste

Tháinig iardhaltaí, iarmhúinteoirí agus cairde ó gach cearn den tír le páirt a ghlacadh in ócáid cheiliúrtha an scór. Bhí béile den scoth, céilí agus ceolchoirm le Gráinne Holland agus a banna ceoil agus bhain gach duine sult agus tairbhe as na hoíche. Labhair an chéad phríomhoide a bhí ag an scoil, Ferghus Ó hÍr, agus bhí cúpla focal ag an Ardmeáara, Niall Ó Donnghaile chomh maith. Ba mhór againn fosta go raibh bunaitheoirí na scoile i láthair, ina measc bhí Séamas Mac Seáin agus Cathal Ó Donnghaile. Thapaigh an Feisire Eorpach Bairbre de Brún an deis le teagmháil a dhéanamh leis an rang foirme a bhí aici fadó - cuid acu atá anois ag teagasc sa scoil. Ba thógáil croí é an oiread sin daoine óga ag







## Scléip 2012

Tá an seó is fearr ar domhain ag dul ar an mbóthar arís! Tá 26 scoil le bheith páirteach sa chomórtas tallainne Scléip i mbliana agus táimid ar bís leis na hiomaitheoirí ar fad a fheiceáil ar stáitse.

Tá áthas orainn a fhógairt go mbeidh Fiachna Ó Braonáin (craoltóir agus giotáraí leis na *Hothouse Flowers*) ag déanamh clár raidió bunaithe ar an gcomórtas i mbliana, táimid ag súil go mór le comhoibriú leis agus is cinnte go mbeidh clú agus cáil i ndán do na hiomaitheoirí i ndiaidh don saol iad a chloisteáil ar Raidió na Gaeltachta!

Beidh scoth na tallainne ó scoileanna ó cheann ceann na tíre in iomaíocht i 6 chatagóir éagsúla, agus guímis gach rath orthu agus ar na moltóirí. Is cinnte go mbeidh sé dian orthu buaiteoir a roghnú. Ta na sonraí ar fad ar [www.gaelscoileanna.ie](http://www.gaelscoileanna.ie) agus foilseofar ainmneacha na mbuaiteoirí air i ndiaidh gach babhta.

### Laighean

[Axis Theatre](#), Baile Átha Cliath, 20 Feabhra

### Mumhan

[Firkin Crane Theatre](#), Corcaigh, 22 Feabhra

### Uladh

[Cultúrlann Uí Chanáin](#), Doire, 29 Feabhra

### Connacht

[Town Hall Theatre](#), Gaillimh, 2 Márta

### Craobh Ceannais

[Axis Theatre](#), Baile Átha Cliath, 24 Márta



gives people a chance to try out their cúpla focal over a cuppa. What do you need to get started? You and one other Gaeilgeoir from your school - **it only takes two!**

Ní gá ach duit féin agus do dhuine amháin eile a labhraíonn Gaeilge, am agus áit áisiúil a roghnú le bualadh go rialta. Is féidir an halla scoile a úsáid ag amanna éagsúla do dhaltáí agus do thuistí, mar shampla.

Pick a convenient time and place to meet up to speak Irish once a week, every fortnight, or as often as you'd like, and let us know. Contact us at +353 (0)1 4757401 - we'll help get your Gaeilge going today!

Conradh na Gaeilge

[www.cnag.ie](http://www.cnag.ie)





# Cosain an Cóimheas

## Gaelscoil Mhoshíológ: Ag Troid na gCiorraithe

Tá feachtas eagraithe ag Gaelscoil Mhoshíológ le cur i gcoinne na gcorraithe sa chóimheas daltaí le múinteoirí. Chaill an scoil múinteoir le déanaí de dheasca na gcorraithe agus tá siad buartha go n-imreoidh na ciorruithe tuilleadh drochthionchar ar an scoil. Má tá ciorruithe chun teacht i bhfeidhm, iarrann lucht na scoile ar an Roinn seo a thomhais bunaithe ar líon na ndaltaí reatha sna scoileanna, seachas ar uimhreacha na bliana roimhe. Tá breis agus 460 síniú bailithe acu ar achainí atá le seoladh chuig an Aire, agus tá litreacha scríofa ag tuismitheoirí chuig na comhairleoirí agus Teachtaí Dála áitiúla agus chuig an Uachtarán, Michael D. Higgins. Ba mhór leo tacaíocht a fháil ó scoileanna eile agus ó mhórphobal na Gaeilge agus na gaelscolaíochta. Is féidir tuilleadh eolais maidir leis an bhfeachtas a fháil ar [Facebook](#) nó trí theagmháil a dhéanamh leis an scoil.

Ráiteas ó phobal na scoile:

Sa bhliain 2011, athraíodh an cóimheas daltaí le múinteoirí sna bunscoileanna lán-Ghaeilge chun iad a chur ar chomhchéim le scoileanna eile. Mothaímid, áfach, go dteastaíonn níos mó tacaíochta oideachasúla ó pháistí a fhreastalaíonn ar na scoileanna lán-Ghaeilge toisc go bhfuil siad sáite i dteanga nach í a máthairtheanga í.

Tá sé fiorthábhachtach dúinn nach mbeadh drochthionchar ag na ciorruithe ar oideachas ár leanaí. Agus muid á dtuamadh i dteanga



agus i gcultúr na hÉireann, ba mhian linn go mbeadh na deiseanna céanna acu agus a mbeadh dá bhfreastalóidís ar scoil láshrutha.

Is mór againn an deis a chur ar fáil d'ár bpáistí oideachas a fháil trína dteanga náisiúnta; tá súil againn go gcuirfidh siad féin an deis chéanna ar fáil do na glúin a thiocfaidh ina ndiaidh. Táimid ag iarraidh ort do chuid tacaíochta a thabhairt dúinn, agus úsáid a bhaint as do thionchar, chun béim a chur ar thábhacht ár gcultúr agus ár dteanga, chomh maith le tosaíocht a thabhairt don oideachas mar bhealach chun cinn d'ár leanaí.

Le do thoil, cinntigh nach gcosnóidh deisiú na heacnamaíochta ár sochaí agus ár gcultúr orainn.

*Griangraif thuas: Scoil Lorcáin i mbun feachtais taobh amuigh de Dáil i 2011.*



An Seanadóir Mark Daly (Ciarraí Theas) ag tacú le Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta ag agóid i mBaile Átha Cliath i gcoinne na gcorruithe i scoileanna Gaeltachta & tuaithe 1ú Feabhra

# Acmhainní

## Blúiríní Nuachta ó COGG

don Teastas Sóisearach agus tá siad ar fáil ar iTunesU agus ar shuíomh COGG.

Seolfar an Clár Luathléitheoireachta i mBéal Feirste ar an 9 Feabhra 2012.

Tá póstaeir dírithe ar chruinneas na Gaeilge le fáil le híoslódáil ó [www.cogg.ie](http://www.cogg.ie). Tá siad bunaithe ar na botúin is coitianta a dhéantar sa ghramadach agus tá siad tarraingteach le cartúin agus nótaí breise don mhúinteoir faoi conas tabhairt faoi phointí gramadaí a theagasc.



Sheol COGG acmhainn nua "Fís na hEolaíochta" ag taispeántas an Eolaí Óg ar na mallaibh. Tá na físeáin eolaíochta dírithe orthu siúd atá ag déanamh staidéir ar an eolaíocht

*Grangraif: Daltaí Ghaelcholáiste Cheatharlach leis an Aire Sóisearach ar Thaighde & Nuálaíochta sa Roinn Fiontar, Post & Nuálaíochta agus Roinn Oideachais & Scileanna, Seán Sherlock, TD.*

### Cúrsa ICT sa Bhunscoil

Is é is aidhm don gcúrsa seo, de chuid an NCTE, ná scileanna an mhúinteora a fhorbairt chun a chur ar a chumas/ar a cumas úsáid éifeachtach a bhaint as ICT (TFC) i seomra ranga Gaelscoileanna nó scoileanna Gaeltachta. Is féidir na scileanna a fhoghlaimítear agus an t-ábhar a chlúdaítear sa chúrsa seo a úsáid ar chlár bhána idirghníomhacha, leis.

Is féidir le múinteoirí teacht ar na cúrsaí seo saor in aisce tríd an gréasán d'ionaid oideachais timpeall na tíre. Tá na cúrsaí seo go hiomlán maoinithe ag NCTE agus maireann siad 7.5 huaire.

#### Modúl 1 An Ríomhaire agus an Ghaeilge

- Gaeilge a chur ar an ríomhaire agus ar bhogearraí áirithe
- Áiseanna ar an ríomhaire a aithint agus a úsáid sa rang
- Áiseanna ar an idirlíon a aithint agus a úsáid sa rang

#### Modúl 2 Ag Cruthú Áiseanna le TFC

- Grianghraif a chur ar an ríomhaire
- Scéal/áis a chruthú
- Fuaim a chur ar an ríomhaire (ceol, guth)

#### Modúl 3 Forbairt TFC le Vici

- Tuiscint a fháil ar céard is vici ann
- Tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-úsáidtear vici sa rang
- Vici a chruthú


#### Réamhriachtanais

Méid áirithe taithí ar thascanna bunúsacha ICT a dhéanamh (comhaid a oscailt, a chur in eagar, a shábháil, a dhúnadh) agus ba mhaith an rud é dá mbeadh ar chumas an fhoghlaiméora brabhsálaí idirlín a úsáid.

Tuilleadh eolais:  
[www.ncte.ie/courses](http://www.ncte.ie/courses)



# Acmhainní



**SEODA**  
faoi do Chosa

Le Tony McNally

**Seoda faoi do Chosa**  
le Tony McNally  
Eolas: [www.gaelink.ie](http://www.gaelink.ie) 087 2266594

## An bhfuil bileoga dátheangacha de dhíth ó do scoil?

Tá na hábhair thíos ar fáil saor in aisce do na scoileanna lán-Ghaeilge:

- Bileoga tumoideachais Gaeilge / Béarla
- Bileoga tumoideachais Gaeilge / Rómáinis, Fraincis, Portaingéilis, Polainnis, Rúisis
- Bileoga iar-bhunscoile Gaeilge / Béarla
- Pacáistí eolais Gaeilge / Béarla
- ‘Ár bPolasaí Gaeilge’

Glaigh ar oifig GAELSCOILEANNA TEO. ar 01-8535195 chun iad a ordú.

Téigh go ‘Acmhainní’ ar [www.gaelSCOILEANNA.ie](http://www.gaelSCOILEANNA.ie) chun liosta iomlán a fheiceáil nó chun cóip leictreonach a íoslódáil.



# An Lónra Réigiúnach



Tionóltar cruinnithe den Lónra réigiúnach i gceantair éagsúla ar fud na tíre le linn na scoilbhliana,

le deis a thabhairt d'ionadaithe ó na scoileanna lán-Ghaeilge bualadh le chéile agus le hoifigeach ó GAELSCOILEANNA TEO. le cúrsaí gaelscolaíochta a phlé agus comhoibriú a chothú.

Bhí cruinniú do na scoileanna in **Iarthar Átha Cliath ar an 25 Eanáir in Óstán Bewleys, Crois an Fhearainn Nua.** D'éirigh go maith leis an gcruinniú agus bhí ionadaithe ó fhormhór na scoileanna lán-Ghaeilge sa cheantar i láthair. Tháinig Raidió na

Gaeiltachta amach le bualadh leo agus agallamh a chur orthu maidir lena gcuid oibre agus na deiseanna agus dúshláin a bhaineann leis, agus craoladh an clár Glór Anoir beo ón óstán. B'iontach an léargas a thug sé d'éisteoirí an stáisiúin ar phobal gaelscolaíochta beo bríomhar an cheantair.

Bhí cruinniú do na scoileanna i gcathair, **oirthear agus tuaisceart Chorcaí ar an 1 Feabhra sa Clarion, Cé an Lapaigh** agus beidh cruinniú do na scoileanna i nGaillimh sa **Maldron, Órán Mór ar an 1 Márta ag 4pm.**

Ar mhaith leat go n-eagrófar cruinniú den Lónra i do cheantar féin? Ní gá ach teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Forbartha (Clare ar 01 8535193 nó [cspainneach@gaelSCOILEANNA.ie](mailto:cspainneach@gaelSCOILEANNA.ie)) agus déanfar gach iarracht freastal ort.

## Coláistí Samhraidh atá difriúil

- Béim ar labhairt na Gaeilge
- Cúrsa bunaithe ar **TEG** (Teastas Eorpach na Gaeilge)
- Béim ar ghníomhaíochtaí praiticiúla
- Rogha de chúrsaí 3 seachtaine

# Gael LINN

**Coláiste Gael Linn Riocaird Bairéid,**  
Eachléim, Co. Mhaigh Eo.  
• modúl scannánaíochta

**Coláiste Gael Linn Bhun an Inbhir,**  
Bun an Inbhir, Co. Dhún na nGall.  
modúl roghnach spórt uisce

**Coláiste Gael Linn Bhaile Bhúirne**  
Baile Bhúirne, Co. Chorcaí.  
• Béim ar na spóirt dhúchasacha

**Coláiste Mhachaire Rabhartaigh, Dún na nGall,**  
• cúrsaí speisialta do dhaltaí ó Thuaisceart Éireann

*Le ½ scoláireacht a bhaint le freastail ar chúrsa i gColáiste Gael Linn Riocaird Bairéid níl le déanamh agat ach 1) d'ainm 2) do sheoladh baile 3) do sheoladh rphoist & 4) ainm & seoladh do scoile a chur chuig [eolas@gael-linn.ie](mailto:eolas@gael-linn.ie) agus comórtas gaelscoileanna mar ábhar sa rphost*



Bróisiúir & eolas: Teil: 1890 675 675 [www.gael-linn.ie](http://www.gael-linn.ie)  
Dáta deiridh don chomórtas: 1 Márta



## Dátaí don Dialann

**Dáta:** 28 Márta 2012

**Imeacht:** Seimineár oiliúna do na bunscoileanna ar *Fhorbairt na matamaitice sa chóras tumoideachais*.

**Ionad:** Institiúid Oideachais Marino

Reachtáilfear an seimineár seo i gCorcaigh freisin agus deimhneofar na sonraí go luath.

Scaipfear sonraí faoi cheardlann comhchosúil don iar-bhunleibhéal gan mhoill.

Reachtáilfear seimineár oiliúna do na boird bainistíochta ag deireadh mí Feabhra agus le linn mí Márta, i gcomhar leis an bhForas Pátrúnachta. Deimhneofar na sonraí gan mhoill.

## **Folúntais do Phoist**

An bhfuil folúntais le líonadh i do scoil?

Má tá, bí i dteagmháil linn ionas go bhféadfaimis an scéal a chur ar an suíomh gréasáin.



Cláraigh

don nuacht ar

[www.gael scoileanna.ie](http://www.gael scoileanna.ie) le cinntiú go dtiocfaidh na scéalta is déanaí chugat ar ríomhphost.

# Gaelscéal AR SCOIL

[www.oideachas.gael sceal.ie](http://www.oideachas.gael sceal.ie)

Forlíonadh oideachais do mheánscoileanna sa nuachtán Gaelscéal gach Céadaoin. Neart ábhair sa nuachtán agus ar líne agus le haghaidh an ranga Ghaeilge, OSSP, OSPS agus Comhairle Gairmthreorach.

## **Glac síntiús anois go dtí deireadh na scoilbhliana ar phraghas íseal!**

Tá tairscint speisialta againn do mhúinteoirí a chuireann isteach 3 shíntiús ar a laghad, dearbhan €20 le caitheamh ar ábhar Chló Iar-Chonnacht. Freisin, is féidir le múinteoir a chuireann isteach ordú mór don rang cóip saor in aisce a fháil dóibh fhéin.



**Téigh i dteagmháil linn anois chun do shíntiús a ordú:**

**091-897766**

**nó**

**[scoil@gael sceal.ie](mailto:scoil@gael sceal.ie)**



## **T. CASSIDY PRINTING LTD.**

• Páirc na Coille, An tArd, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9 •  
• Teil. 01 836 9813 • Faics. 01 837 6440 • Ríomhphost. allen@cassidyprinting.com •

[www.cassidyprinting.com](http://www.cassidyprinting.com)

**BHFUIL TÚ AG IARRAIDH GEARRADH  
SIAR AR CHOSTAIS CLÓDÓIREACHTA?  
LABHAIR LINN MÁ TÁ!**

Soláthraímid páipéar ceannteidil, nótaí dea-mhéine,  
féilirí, cártaí Nollag scoile/daltaí, leabhráin scrúdaithe,  
bliainiris, nuachtlitreacha, bileoga,  
dialann daltaí, ticéidí  
*agus neart eile.*

**AG PRAGHAS RÉASÚNTA**

**DÉAN TEAGMHÁIL LINN ANOIS**

Le haghaidh praghas iomaíoch

**Glaigh ar Allen 086 811 80 82**

[www.cassidyprinting.com](http://www.cassidyprinting.com)